Coláiste Mhuire gan Smál

Polasaí Dhátheangach

Acht na nOllscoil (1997) Mir 18 Alt 6(a)
"*Maidir le comhlíonadh a dhualgais ní foláir d'Údarás Rialaithe – aird a thabhairt ar shaothrú agus ar úsáid na Teanga, Gaeilge mar theanga choitianta chumarsáide, agus saothrú na Gaeilge mar aon leis na traidisiúin liteartha agus chultúrtha atá bainteach léi a chur chun cinn."*

Ráiteas Misin

Admhaíonn Ráiteas Misin an Choláiste "gealltanas speisialta Choláiste Mhuire gan Smál do Theanga na Gaeilge". Tá comhcheangal sean-bhunaithe aige agus traidisiún maidir le cur chun cinn agus tacaíocht leis an Teanga (Gaeilge) chomh maith le gníomhaíochtaí cultúrtha sa Ghaeilge i measc na foirne agus na macléinn.

Agus a pholasaí dhátheangach á chur i láthair, tacaíonn Coláiste Mhuire gan Smál le forleathnú, cur chun cinn agus le forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Choláiste. Fostófar Oifigeach na Gaeilge mar thacaíocht agus mar fhorbairt ar ghníomhaíochtaí theanga-bhunaithe agus dhátheangach.

Polasaí Dhátheangach
Níor mhiste a thabhairt faoi deara go bhfuil gach soláthar atá leagtha síos sa pholasaí seo faoi réir ag infhaighteacht ar acmhainní.

1. Cúrsaí Teanga

1.1 Moltar go soláthrófaí cúrsaí ginearálta Gaeilge ag raon de leibhéil ó bhun go hardléibhéal ag an gColáiste agus sa Chólaiste d'aon bhall den fhoireann nó dena micléinn ar mhian leis/léi leas a bhaint astu.

1.2 Go mbeartófaí dian-chúrsaí sa Ghaeilge d'aonghnó mar thacaíocht don bhfoireann ina cuid oibre sa Choláiste.

1.3 Go ndéanfaí soláthar don bhfoireann le haghaidh freastal ar cúrsaí sa Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta.

1.4 Go gcuirfí oiliúint sa Ghaeilge san áireamh i gcláir insealbhaithe do bhaill nua den fhoireann.

1.5 Go gcuirfí eolas ar fáil maidir le cúrsaí teanga sa Ghaeilge laistigh den Ghaeltacht nó i réigiún Luimnigh, nó in eagraíochtaí teanga agus cultúrtha &rl.

2. Ceisteanna Acadúla

2.1 Moltar go mbeadh ardchaighdeán sa Ghaeilge mar bhun-riachtanas le haghaidh postanna buana acadúla sa Roinn Oideachais.

2.2 Go sonrófaí de ghnáth i bhfógraí le haghaidh postanna buanna acadúla sa Roinn Ealaíne go bhfuil eolas ar Ghaeilge inmhianaithe.

2.3 Go ndéanfaí iniúchadh ar an bhféidearthacht chun leathnú a dhéanamh ar an raon de chláir acadúla atá ann cheana féin agus a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge nó go dhátheangach.

2.4 Go ndéanfaí taighde ar an bhféidearthacht chun modúil (nó codanna díobh) a ofráil i gcláir reatha idir fhochéimithe agus iarchémithe trí mheán na Gaeilge nó go dhátheangach.

2.5 Go spreagfaí taighde trí mheán na Gaeilge nó ar fhoghlaim nó ar mhúineadh na Teanga.

2.6 Go saothrófaí aoi-léachtaí agus seimineáir trí mheán na Gaeilge.

2.7 Go gcuirfí seirbhís aistriúcháin ar fáil don bhfoireann.

2.8 Go ndéanfaí iniúchadh ar an bhféidearthacht chun leathnú a dhéanamh ar an raon de sheirbhísí an Aonad Thacaíochta Fhoghlaimeora d'fhonn freastal ar riachtanais mhicléinn na Teanga – Gaeilge.

2.9 Go ndéanfadh an Coláiste iniúchadh ar na céimeanna riachtanacha chun bheith cuimsithe ar liosta ar chlár na gColáistí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta – An Scéim Scoláireachtaí Tríú Léibhéal (Trí Ghaeilge: Teoranta).

3. Timpeallacht Shátheangach a Shaothrú í gColáiste Mhuire gan Smál

3.1 Moltar go mbeadh gach cuid de stáiseanóireacht oifigiúil an Choláiste mar aon le foilsiúchain, cuirí, uathshínithe agus fograí poiblí i riocht dhátheangach a mhéid is féidir.

3.2 Go spreagfaí seirbhísí dhátheangacha i ngnéithe thábhachtacha mar freagairt teileafóin, an ceaintín, fáiltiú agus an leabharlann.

3.3 Go ndéanfaí forbairt ar chlár fograí shainiúil agus ar leathanach gréasáin chun saothrú breise a dhéanamh ar Ghaeilge agus ar ghníomhaíochtaí chultúrtha sa Choláiste.

4. Gníomhaíochtaí Sóisialta

4.1 Moltar tacaíocht a thabhairt do raon de ghníomhaíochtaí shóisialta a éascódh úsáid na Gaeilge chomh maith le gníomhaíochtaí cultúrtha ar bhealach neamhfhoirmiúil.